**DÚRUD TEORANTA**

**1 CLÓS PHÁIRC SAILÍ**

**BÓTHAR BHAILE CUILINN**

**TEACH GIÚISE**
**BAILE ÁTHA CLIATH D24 Y2V1**

**RÁITIS AIRGEADAIS COIMRITHE**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025**

**UIMHIR CHLÁRAITHE: 473537**

**DÚRUD TEORANTA**

**CLÁR** | **LEATHANACH**


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí | 3 |
| Clár Comhardaithe | 4 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 5-6 |

## DÚRUD TEORANTA

## BLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

### RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓRA

Tá an stiúrthóir freagrach as tuarascáil an stiúrthóra agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe agus rialachán oiriúnacha.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar an stiúrthóir ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais. De réir an dlí roghnaigh an stiúrthóir na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn. De réir dlí cuideachtaí ní foláir don stiúrthóir gan ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil sé sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom ar shócmhainní, dhliteanais agus stádas airgeadais na cuideachta amhail ar dháta dheireadh bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go ngéilleann siad ar gach dóigh eile do Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir don stiúrthóir:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- a rá ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir chaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint agus tionchar agus cúiseanna imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin a nótáil, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá an stiúrthóir freagrach as taifid chuntasaíochta sásúla a choimeád nó le bheith coimeádta a mhíníonn agus a chláraíonn mar is ceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a chumas am ar bith sócmhainní, dliteanais, stádas airgeadais agus brabús agus caillteanas na cuideachta a aimsiú le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a chumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil an stiúrthóra le hAcht na gCuideachtaí 2014. Tá sé freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

**CIARÁN Ó BRÉARTÚIN**
Stiúrthóir

30 Eanáir 2026

**DÚRUD TEORANTA**
**CLÁR COMHARDAITHE AR AN 31 NOLLAIG 2025**

| Nótaí | 2025 | 2024 | |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Féichiúnaithe | 5 | 15,396 | 17,000 |
| Airgead sa bhanc | | 31,817 | 28,019 |
| | | 47,213 | 45,019 |
| **CREIDIÚNAITHE (méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)** | 6 | (4,393) | (2,924) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 42,820 | 42,095 |
| | | ===== | ===== |
| **COTHROMAS** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 7 | 100 | 100 |
| Cuntas sochair agus dochair | | 42,720 | 41,995 |
| | | 42,820 | 42,095 |
| | | ===== | ===== |

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir na bhforálacha infheidhme maidir le cuideachtaí ag brath ar an gcóras do chuideachtaí beaga agus i gcomhréir leis an Ráiteas um Thuairisciú Airgeadais 102 "An Caighdeán um Thuairisciú Ráiteas Airgeadais infheidhme in Éirinn", 1A den Chaighdeán sin a bheith i bhfeidhm.

**DÍOLÚINE CURTHA AR FÁIL AG CAIBIDIL 15 DE CHUID 6 DE ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014**

Dearbhaím, mar stiúrthóir Dúrud Teoranta:

(a) go bhfuil leas á bhaint ag an gcuideachta as an díolúine iniúchóireachta faoi réir Chaibidil 15 de Chuid 6 de Acht na gCuideachtaí 2014,

(b) go bhfuil leas á bhaint ag an gcuideachta as an díolúine ar an mbonn go sásaíonn sí na coinníollacha atá leagtha amach in Alt 358 de Acht na gCuideachtaí 2014,

(c) nár seirbheáladh aon fhógra ar an gcuideachta, ina raibh iarratas, mar a luaitear in Alt 334 (1), de réir Alt 334 (2),

(d) go n-admhaím dualgais na cuideachta, faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun taifid chuntasaíochta chearta a choimeád agus ráitis airgeadais a ullmhú, a thugann léargas fíor cothrom ar na sócmhainní, na dliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadais agus ar a brabús nó caillteanas don bhliain áirithe sin, agus thairis sin chun feidhmiú de réir na bhforálacha úd san Acht, a bhaineann le ráitis airgeadais, chomh fada is atá siad infheidhme maidir leis an gcuideachta, agus

(e) dearbhaím gur bhrath an chuideachta ar dhíolúine sonraithe in Alt 352, Acht na gCuideachtaí 2014, agus é sin déanta ar an mbonn go bhfuil an chuideachta i dteideal buntáiste na díolúine sin mar chuideachta bheag agus gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais coimrithe cuí de réir Ailt 353, Acht na gCuideachtaí 2014.

**CIARÁN Ó BRÉARTÚIN**
Stiúrthóir
30 Eanáir 2026

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025

### 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Tá oifig chláraithe na cuideachta ag 1 Clós Pháirc Sailí, Bóthar Bhaile Cuilinn, Teach Giúise, Baile Átha Cliath D24 Y2V1.

Is cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna í, corpraithe in Éirinn, uimhir chláraithe 473537.

Déanann an chuideachta earraí ríomhaireachta a chur in oiriúint don Ghaeilge, agus déanann sí margaíocht orthu sin mar aon le táirgí mar iad ó chuideachtaí eile.

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in euro (€), airgeadra feidhmiúil na cuideachta.

**Gnás Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún na gcostas stairiúil. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 san áireamh agus de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102 - Alt 1A) eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

### 2. BRABÚS ROIMH CHÁIN

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Léirítear an brabús roimh cháin tar éis an chostais seo leanas a íoc:- | | |
| Tuarastal stiúrthóra | - | - |
| | == | == |

**CUNTAS SOCHAIR AGUS DOCHAIR**

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr ag tús na bliana | 41,995 | 38,793 |
| Farasbarr na tréimhse | 725 | 3,202 |
| Farasbarr ag deireadh na bliana | 42,720 | 41,995 |
| | ===== | ===== |

### 3. FOSTAITHE

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Líon míosúil na ndaoine a fostaíodh le linn na bliana | 2 | 2 |
| | = | = |

## DÚRUD TEORANTA

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2025
**(ar leanúint)**

| **4. CÁIN AR BHRABÚS** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tá an muirear cánach ar bhrabús | | |
| don bhliain mar a leanas:- | | |
| Cáin Chorparáide | 104 | 466 |
| | === | === |

| **5. FÉICHIÚNAITHE** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| mSemicon Teoranta | 15,000 | 17,000 |
| Corporation Tax | 396 | - |
| | 15,396 | 17,000 |
| | ===== | ===== |

| **6. CREIDIÚNAITHE** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Creidiúnaithe trádála | 1,350 | 1,200 |
| Cánacha | 2.058 | 1,423 |
| Ciarán Ó Bréartúin, stiúrthóir | 985 | 301 |
| | 4,393 | 2,924 |
| | ==== | ==== |

| **7. SCAIRCHAIPITEAL GLAOITE** | **Údaraithe** | **Leithroinnte, glaoite agus íoctha** | |
|---|---|---|---|
| | **2025** | **2025** | **2024** |
| | **€** | **€** | **€** |
| Gnáthscaireanna €1 | 1,000,000 | 100 | 100 |
| | ======= | === | === |

**LEAS STIÚRTHÓRA AGUS RÚNAÍ I SCAIREANNA NA CUIDEACHTA**

| | **31 Nollaig 2025** | **1 Eanáir 2025** |
|---|---|---|
| Ciarán Ó Bréartúin, stiúrthóir | 100 | 100 |

**8. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA**

Íocadh táillí €35,872 (2024 – €16,410) le linn na bliana le mSemicon Teoranta. Is stiúrthóir den chuideachta sin é Ciarán Ó Bréartúin, stiúrthóir na cuideachta seo, agus is leis tromlach na scaireanna i mSemicon Teoranta.

**9. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Ar an 30 Eanáir 2026 d'fhaomh an stiúrthóir na ráitis airgeadais agus d'údaraigh sé go n-eiseofaí iad.